NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Curaclam á Athshamhlú

## Tuarascáil ar Sheimineár 2

Bealtaine 2023

# An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ DO NA SEIMINEÁIR ATHSHAMHLAITHE CURACLAIMHEADING 1 ..... 4

COMHPHLÉ 1 FOLLÁINE – EOCHAIRTHÉAMAÍ A D'EASCAIR AS AN GCOMHPHLÉ ..... 5

COMHPHLÉ 2: OIDEACHAS ETIM – EOCHAIRTHÉAMAÍ A D'EASCAIR AS AN GCOMHPHLÉ ..... 7

CONCLÚID – AN COMHPHLÉ PAINÉIL ..... 8

AGUISÍN 1: EAGRAÍOCHTAÍ LEASMHARA A D'FHREASTAIL AR AN SEIMINEÁR 10

AGUISÍN 2: SPREAGAITHISC AGUS PAINÉALAITHE ..... 11

# Réamhrá do na Seimineáir Athshamhlaithe CuraclaimHeading 1

Rinne an tAire Oideachais Creatchuraclam na Bunscoile do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta a sheoladh an 9 Márta 2023. Agus é ag cur le buanna na gcuraclam a bhí i bhfeidhm roimhe seo, is é a samhlaíodh leis an gcreat seo ná forbairt curaclam bunscoile lena soláthrófaí neamhspleáchas agus solúbthacht do scoileanna, lena bhfreagrófaí do thosaíochtaí a bheadh ag teacht chun cinn ó thaobh foghlaim páistí de, lena n-athrófaí an chaoi a ndéantar an curaclam a struchtúrú agus a chur i láthair, agus lena dtacófaí le héagsúlacht de chuir chuige oideolaíocha mar a mbeadh an measúnú lárnach don fhoghlaim agus teagasc. Beidh tionchar suntasach ag na paraiméadair seo, go háirithe na cinn sin a bhaineann le struchtúr agus cur i láthair an churaclaim, ar fhorbairt na sonraíochtaí do réimsí agus ábhair churaclaim, nithe ar tosaíodh a oibriú orthu cheana trí bhunú na meithle forbartha curaclaim. Chun tacú le forbairt na sonraíochtaí úra curaclaim, tá CNCM tar éis roinnt staidéar taighde a choimisiúnú agus bunófar sraith de sheimineáir Athshamhlaithe Curaclaim ar thorthaí na staidéar seo. Tabharfaidh na seimineáir seo deis do pháirtithe leasmhara machnamh a dhéanamh ar na príomhphointí a thagann chun cinn ón taighde, agus na pointí sin a phlé agus a scagadh ó dhearcthaí éagsúla.

Le Creatchuraclam na Bunscoile, déantar seacht bpríomhinniúlacht a leabú a chuimsíonn torthaí foghlama an pháiste ó na naíonáin bheaga go dtí rang a sé, lena ndírítear ar scileanna, eolas agus meonta, agus luachanna agus dearcthaí an pháiste a fhorbairt. Ar a bharr sin, athraíonn sé an chaoi a ndéantar an curaclam a struchtúrú agus a chur i láthair.  Tá an creat struchtúrtha ina chúig réimse curaclaim leathana:

- Teanga
- Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM)
- Folláine
- Oideachas Ealaíon
- Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI).  Body bullets

Ar an rud is suntasaí, b'fhéidir, ó thaobh na seimineár Athshamhlaithe de, tá an soláthar a dhéantar sa chreat le haghaidh eispéireas foghlama comhtháite, agus réimsí curaclaim ann i gcéimeanna 1 agus 2 (Na Naíonáin Bheaga – Rang a Dó). Aithnítear leis na réimsí seo aois agus céim forbartha páistí níos óige, agus tugtar níos mó rogha don mhúinteoir i dtaca le heispéiris foghlama shaibhre a ullmhú agus a éascú trí chuir chuige spraíúla tharraingteacha. Tacaíonn an curaclam le foghlaim agus forbairt na bpáistí níos sine i gcéimeanna 3 agus 4 (Rang a Trí go dtí Rang a Sé) trí bheith ag forbairt ar réimsí curaclaim chéimeanna 1 agus 2 agus iad a dhéanamh níos idirdhealaithe ina n-ábhair chun an fheasacht atá ag teacht chun cinn i measc na bpáistí ar ábhair, mar bhealach chun an domhan a eagrú, a léiriú.

I Seimineár 2, an 17 Bealtaine 2023, díríodh ar na réimsí curaclaim seo a leanas:Folláine (Corpoideachas; Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte); agus Oideachas ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic). Chun tacú leis an gcur agus cúiteamh agus leis an gcomhphlé i dtaobh na réimsí agus na n-ábhar curaclaim seo, díríodh i gcuir i láthair de chuid bhaill

na meithle forbartha ar ghnéithe tábhachtacha dá gcuid torthaí. Tar éis na gcur i láthair, éascaíodh comhphlé ar na téamaí seo a leanas:

- Céard iad na teachtaireachtaí a sheasann amach atá tábhachtach nó ábhartha?
- Céard iad na príomhcheisteanna ar gá breithniú orthu agus an curaclam á fhorbairt?
- Céard iad na deiseanna agus na hathruithe féideartha ó thaobh foghlaim páistí de?
- Céard iad na himpleachtaí do mhúinteoirí a mbeadh an réimse curaclaim seo á chur i bhfeidhm acu?

Tá sintéis sa tuarascáil seo ar na nótaí a taifeadadh ó na 10 gcomhphlé mar aon le roinnt breathnuithe ginearálta a bhféadfaí breithniú orthu arís de réir mar a chuirfí forbairt na sonraíochtaí curaclaim chun cinn. Is trí bhreathnuithe na ndaoine a bhí i láthair ag an gComhphlé a chuirtear na breathnuithe ginearálta sin i láthair den chuid is mó.

## Comhphlé 1 Folláine – Eochairthéamaí a d'eascair as an gcomhphlé

I gcur i láthair na foirne taighde, dúradh gur téama trasnaithe sna réimsí curaclaim agus sna seacht bpríomhinniúlacht i gCreatchuraclam na Bunscoile í an Fholláine. Mar réimse curaclaim ann féin, a chuimsíonn an Corpoideachas agus an tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), ní féidir sainmhíniú simplí a thabhairt ar an bhFolláine, agus beidh sé seo ina ábhar dúshláin agus sonraíocht churaclaim chomhtháite á forbairt.

Dúradh le linn an phlé go mbainfeadh dúshlán le comhtháthú i réimse na Folláine agus go mbeadh sé tábhachtach réimsí scoite a theagasc sa Chorpoideachas agus san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte ionas nach mbainfí de na réimsí ábhair aonair – le croílár an réimse churaclaim seo a chaomhnú, ionas nach dtarraingítear in go leor bealaí é. Braitheadh go raibh na comhráite agus an plé ar fholláine tráthúil. Ba ghá an réimse seo a chomhtháthú, an dearcadh coitianta go mbaineann folláine 'liomsa amháin' san áireamh. Braitheadh go raibh an tuiscint go mbaineann folláine le caidrimh agus le hatmaisféar agus cultúr na scoile ina príomhtheachtaireacht sa chur i láthair taighde, agus fáiltíodh roimh an dearcadh seo. Ar an iomlán, síleadh é a bheith tábhachtach béim a choimeád ar an gCorpoideachas agus ar an OSPS mar ábhair scoite.

Dúradh go mbíonn cultúr agus timpeallacht an tseomra ranga—agus na scoile—níos tábhachtaí ná ábhair nó cáipéisí curaclaim. Braitheadh go mbíonn caidrimh, foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon, i gcroí gach aon rud, agus sa chomhthéacs seo bheadh ról ríthábhachtach ag ceannaireacht na scoile maidir le muintearas pobail a chothú sa scoil, agus maidir le folláine choiteann, agus ní aonair amháin, a chur chun cinn. Ba cheart go mbeadh deiseanna ag páistí foghlaim faoin bhFolláine tríd an bhFolláine. Rinneadh trácht ar ríthábhacht na hoideolaíochta. Braitheadh gur gá do mhúinteoirí eiseamláirí a fheiceáil ag léiriú na folláine in idirghníomhaíochtaí laethúla agus tríd an tógáil caidreamh le páistí. Ba dhiminsean tábhachtach de FGL múinteoirí a bheadh sa mhéid seo. Braitheadh go mbeadh i bhfad níos mó ná cáipéis churaclaim ag teastáil don Fholláine mar réimse curaclaim, agus go mbeadh FGL agus eiseamláiriú ríthábhachtach dá mba mhaith linn go n-éireodh leis an réimse curaclaim seo.

Bíonn scoileanna éagsúil lena chéile, agus beidh ar gach scoil breathnú ar a comhthéacs agus ar a riachtanais féin sa réimse seo, braitheadh. Dá bharr sin, d'fhéadfadh cuma 'sách difriúil' a bheith ar an bhFolláine ó scoil go scoil. Luaigh roinnt rannpháirtithe go mbeadh sé tábhachtach nach mbreathnódh scoileanna ar an bhfolláine mar fhadhb. Dá bharr sin, rinneadh nóta de go mbeadh fócas ar an 'bhfolláine' seachas ar an 'mífholláine' tábhachtach agus príomhtheachtaireachtaí á roinnt maidir leis an réimse curaclaim seo.

Maidir leis an gCorpoideachas, dúradh go mbeadh ar fhoghlaim scileanna agus coincheapa faoi leith a bheith mar chuid de má tá sé le bheith barántúil. Luaigh roinnt rannpháirtithe go mbíonn an t-iniúchadh ar scileanna níos oiriúnaí ná máistreacht a fháil ar scileanna i gcás an chorpoideachais, ionas go bhforbraíonn páistí teicníc a mbíonn éifeachtúlacht seachas 'máistreacht' mar thoradh uirthi. Dúirt rannpháirtithe go bhféadfadh éiginnteacht a bheith ann maidir leis an idirdhealú idir an aclaíocht agus an corpoideachas agus in amanna go mbíodh sé deacair an corpoideachas a scaradh ó spórt scoile. Braitheadh gur deis atá i leasú an churaclaim le heispéireas páistí maidir leis an gCorpoideachas a fheabhsú ar bhealach níos ionchuimsithí agus inrochtana.

Síleadh cumas agus muinín múinteoirí maidir le Corpoideachas/OSPS a mhúineadh a bheith riachtanach. Braitheadh go ndéantar gnéithe den Chorpoideachas/OSPS a chur amach ar conradh go soláthraithe tríú páirtí in amanna agus go bhféadfadh sé seo tionchar diúltach a imirt ar nádúr caidreamhach na Folláine. É sin ráite, lorg roinnt rannpháirtithe plé níos oscailte maidir le cleachtas reatha an 'tseachfhoinsithe' sa Chorpoideachas, nó ar a laghad go ndéanfaí iniúchadh ar cheist speisialtóireacht na múinteoirí agus an tsonraíocht nua á forbairt.

Léiríodh dearcadh dearfach maidir le hábhar churaclam OSPS 1999 – braitheadh go raibh go leor inneachar luachmhar ann a bhféadfaí cuid mhór dó a choimeád agus go mb'fhéidir nárbh fhiú roinnt smaointe 'atá ag forbairt' nó 'smaointe na huaire' a thabhairt isteach i sonraíocht leasaithe.

Luadh gur fhág curaclam OSPS 1999 tuismitheoirí amach agus go bhféadfadh sonraíocht nua deis a chur ar fáil le hathmhachnamh a dhéanamh ar a ról san Fholláine – le comhpháirtíochtaí feidhmiúla a fhorbairt le tuismitheoirí agus lena ndéanamh níos rannpháirtí i bhfoghlaim a bpáiste.

I dtaobh OSPS, moladh go ndéanfaí machnamh ar cheist an ró-ualaigh a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le hinneachar curaclaim. Is iomaí fadhb shóisialta a chuireann isteach ar shaol na scoile, agus bheadh sé tábhachtach a chinntiú nach mbainfeadh an curaclam leo sin amháin. Áitíodh, cé go mbíonn ról tábhachtach ag scoileanna, nach féidir gur scoileanna amháin 'a thugann freagairt ar dhúshláin shochaíocha'. Léiríodh roinnt imní maidir le 'faitíos' a bheith ar mhúinteoirí roimh an bhFolláine agus maidir le heaspa muiníne a bheith acu ina gcumas dul i ngleic le fadhbanna sóisialta agus mothúchánacha. Ina thaobh seo, rinneadh rabhadh maidir le cultúr 'cloíteachta'. Braitheadh gur ghá go mbeadh tuiscint ag múinteoirí ar a gcuid 'teorainneacha agus srianta'.

# Comhphlé 2: Oideachas ETIM – Eochairthéamaí a d'eascair as an gcomhphlé

Braitheadh go raibh an cur i láthair taighde an-spreagúil agus gur chuir na cuir chuige phraiticiúla agus réitigh fadhbanna scóip ar fáil d'fhéidearthachtaí gan teorainn. D'fháiltigh rannpháirtithe roimh an mbéim ar cheangail a dhéanamh le taithí saoil na bpáistí agus pleanáil ar bun d'fhoghlaim agus teagasc in Oideachas ETIM. Dúradh go mbíonn an fhoghlaim níos fiúntaí nuair a bhíonn gníomhaíochtaí ábhartha d'eispéiris agus do spéiseanna an scoláire. É sin ráite, léiríodh roinnt eagla maidir le cé chomh mór is a bheadh an t-athrú atá intuigthe agus aontaíodh go forleathan go mbeadh clár FGL a dheartar go cúramach ag teastáil le tacú le heolas ábhair oideolaíoch agus modheolaíocht na múinteoirí.

Aithníodh go forleathan gur féidir Oideachas ETIM a chomhtháthú le réimse ábhar, ach, agus múinteoirí ag tosú ag obair le Creatchuraclam na Bunscoile agus an cur chuige comhtháite a chuireann sé chun cinn, beidh gá le tacaíocht agus treoir maidir le conas comhtháthú éifeachtach a bhaint amach. Luadh go bhfuil an comhtháthú tábhachtach, agus go mbíonn sé dúshlánach é a dhéanamh go maith. Dá bharr sin, áitíodh gur ghá go mbeadh am ag múinteoirí le dul i ngleic le cuir chuige nua agus le líonrú le gairmithe eile agus le deiseanna uasoiliúna a fháil i réimse an Oideachais ETIM.

Chonaic rannpháirtithe go leor deiseanna sa réimse seo do chumas gníomhaíoch an pháiste agus leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le cinntiú go gcuirtear deiseanna ar fáil do pháistí plé le teicneolaíocht agus innealtóireacht le linn na scoilbhliana seachas mar ghníomhaíocht aon uaire. Síleadh gur bealach éifeachtach le deiseanna a chur ar fáil chun comhpháirtíochtaí fadtéarmacha a fhorbairt é naisc a chruthú le heagraíochtaí laistigh dá bpobal (agus le scoileanna agus ionaid eile oideachais), seachas turais/imeachtaí aon uaire.

Arís eile, tarraingíodh aird le linn an phlé ar uathúlacht chomhthéacs na scoile. Maidir le pleanáil don fhoghlaim agus don teagasc, ba cheart don tsonraíocht múinteoirí a spreagadh le mothú cumasaithe glacadh le hathrú agus dul i ngleic le hOideachas ETIM ar bhealach a léiríonn samhlaíocht agus spéis páistí i gcomhthéacs an phobail scoile i gcoitinne. Síleadh an Treoir maidir le hUllmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama a bheith tábhachtach ó thaobh cumas gníomhaíoch an mhúinteora a chur chun cinn agus béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le pleanáil agus ullmhúchán múinteoirí nach ndéantar a thaifeadadh agus ag déanamh cinntí gairmiúla maidir le foghlaim páistí. I dtaca leis seo, braitheadh go mbíonn an-tábhacht le ceannaireacht na scoile ó thaobh roinnt saineolais agus forbairt acmhainne de.

Ardaíodh roinnt ceisteanna maidir leis an ngá le cothromaíocht a fháil idir an t-am a chuirtear ar fáil don mhatamaitic agus do ghnéithe eile ETIM, agus maidir le tábhacht na bunscileanna agus an bhuneolais a theastaíonn i ngach disciplín. Cé gur síleadh go mbeadh cuir chuige oscailte páisteláraithe riachtanach, bheadh gá le cothromaíocht a fháil idir eolas disciplíneach agus comhtháthú. Ar a bharr sin, braitheadh gur gá a mhúineadh do pháistí conas fiosrú oscailte a dhéanamh trína bhfoghlaimíonn siad go bhfuil sé ceart go leor botúin a dhéanamh agus foghlaim ón iarracht a rinne siad, agus trína dtuigeann siad an bealach a gcumasaíonn sé seo iad le dul ar ais agus iarracht eile a dhéanamh.

Cé gur bhraith roinnt rannpháirtithe go raibh ábhar ar ardchaighdeán le heiseamláirí an-mhaith i gcuraclam Eolaíochta 1999, agus go bhfuil an t-ábhar 'dear agus déan' agus na scileanna eolaíochta ábhartha fós, luadh go mbeadh ar an tsonraíocht a léiriú go soiléir go bhfuil an innealtóireacht agus an teicneolaíocht go forleathan inár ndomhan. Bheadh sé seo an-tábhachtach maidir le cinntiú go nglacann múinteoirí agus ceannairí scoile leis an réimse curaclaim seo.
Dearcadh comhchosúil a léiríodh ná nach bhfuil páistí chomh hinniúil sa Mhata go fóill agus ba cheart dóibh a bheith, agus go mbeadh sé seo le cur san áireamh in athfhorbairt an réimse churaclaim seo. Bheadh sé tábhachtach a chinntiú nach mbunaítear foghlaim na matamaitice ar fad 'ar an leabhar mata' agus nach nglacfar leis go mbeidh 'an fhoghlaim bunaithe ar fhiosrú' á clúdach san eolaíocht, teicneolaíocht agus innealtóireacht.

## Conclúid – an comhphlé painéil

Chun tacú le gach comhphlé, reáchtáladh comhphlé painéil mar ar labhair na baill den phainéal ar na cuir i láthair taighde agus ar a ról féin sa chomhphlé. D'athdhearbhaigh painéalaithe an dúshlán a bhaineann le Folláine a shainmhíniú mar ábhar agus réimse curaclaim. Tharraing siad aird ar thábhacht scoileanna mar áiteanna ilghnéitheacha agus ionchuimsitheacha, agus ar an ngá le foghlaim ghairmiúil bhunathraitheach i bpobail scoileanna, am ina mbíonn suntasacha curaclaim cosúil leis seo.
Labhair siad ar an scoil mar áit a gcothaíonn acmhainneacht an pháiste tríd an gcuraclam ar fad, agus ar an tábhacht a bhaineann le béim a choimeád ar réimsí foghlama scoite, ar nós an chorpoideachais agus OSPS. Tharraing siad aird ar thábhacht lárnach na foghlama 'spraíúla' (ní 'an t-oideachas siamsúil') go dtí deireadh na bunscoile, agus, maidir le ETIM, luaigh siad an chontúirt a bhaineann le béim dhíréireach a leagan ar an Mata, chun dochair na réimsí eile.
Luaigh siad gur minic gurb iad na páistí féin atá ina bhfoinsí iniúchta agus foghlama, agus leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le muinín a léiriú i mbreithiúnas gairmiúil múinteoirí. Ina thaobh seo, bhraith siad go mbeadh gá le struchtúr soiléir i gcáipéisí curaclaim, ach go mbeadh an scóip ann le gur féidir an t-ábhar a chur in oiriúint d'éagsúlachtaí scoileanna ó thaobh comhthéacs de. Is féidir le scata tograí seachtracha teacht chuig scoileanna agus múinteoirí, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar chumas gníomhaíoch múinteoirí. Mar gheall air seo, tá ceannaireacht, go háirithe ceannaireacht churaclaim, riachtanach ó thaobh fhís an Chreata maidir leis an múinteoir gníomhaíoch a chur chun cinn. Léirigh siad dóchas go bhfeicfeadh páistí iad féin mar fhoghlaimeoirí gníomhaíocha agus, ar fágáil na bunscoile dóibh, go mbeadh na scileanna acu agus an fonn orthu leanúint ar aghaidh ag foghlaim.

Mar fhocal scoir…
Mar bhonn eolais faoi thasc na meithle forbartha don Fholláine agus don Oideachas ETIM, beidh an taighde a coimisiúnaíodh mar aon le héirim an tseimineáir seo: beidh inspreagadh agus dúshlán an chomhtháthaithe agus an gá atá ann sonraíocht a dhearadh a bheidh ag teacht le Creatchuraclam na Bunscoile; agus an riachtanas go mbeidh na páistí, mar fhoghlaimeoirí gníomhacha rannpháirteacha, lárnach don obair. Agus na seimineáir Curaclam á Athshamhlú ag dul ar aghaidh, leagann an plé béim ar roinnt réimsí a mbeidh athshúil le tabhairt orthu ó am go chéile agus na sonraíochtaí curaclaim á dtabhairt chun críche agus ina dhiaidh sin. Áirítear leis sin ceisteanna a bhaineann le comhtháthú, le heolas ábhair oideolaíoch, le foghlaim ghairmiúil bhunathraitheach agus le dearadh agus cur i bhfeidhm chláir FGL, leis na bealaí ina ndéantar

eiseamláiriú ar chuir chuige oideolaíochta chun leasa na múinteoirí agus na bhfoghlaimeoirí, agus leis na bealaí is fearr inar féidir leis an bpobal uile oideachais an spreagadh reatha i leith an athraithe chun tairbhe na bpáistí a choimeád.

# Aguisín 1: Eagraíochtaí Leasmhara a d'fhreastail ar an seimineár

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG)
An Foras Pátrúnachta
Better Start – Forbairt Cáilíocht Luathbhlianta Náisiúnta
Conradh na Gaeilge
Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha
Cumann Corpoideachais Bunscoile na hÉireann
Catholic Education Partnership
Lárionad Ceannaireachta Scoile (CSL)
Eaglais na hÉireann
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (IO OCBÁC)
An Roinn Oideachais
Cigireacht na Roinne Oideachais
Ionad Oideachais Dhroim Conrach
Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar
Ag Foghlaim le Chéile
Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)
Roinn Froebel an Oideachais Luath-óige agus Bunscolaíochta, Ollscoil Mhá Nuad
Coláiste Hibernia
Cumann an Baccalaureate Idirnáisiúnta
Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)
Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN)
Aontas Daltaí Iar-bhunscoile na hÉireann
Cumann Múinteoirí Eolaíochta na hÉireann
Kildare Place School
Kinia, eagraíocht neamhbhrabúis a dhíríonn ar oideachas, carthanacht agus fiontar sóisialta
Institiúid Oideachais Marino
Coláiste Mhuire Gan Smál (MIC), Luimneach
Ollscoil Mhá Nuad
Oideachas Bunscolaíochta Moslamach
Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)
Ard-Mhúsaem na hÉireann
Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (NPC)
Ionad Tacaíochta Oideachais na hUaimhe
An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)
Scoil Náisiúnta Pharóiste Ráth Fearnáin
Scoil an Oideachais Ealaíon, (DCU)
Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI)
Scoil Speisialta Naomh Uinsionn
Scoil Náisiúnta na Cé, Béal an Átha
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

An Chomhairle Mhúinteoireachta
Ionad Ealaíon agus Cultúrtha The Ark
An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí
Aontas Múinteoirí Éireann (TUI)
TUSLA – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Ollscoil na Gaillimhe

# Aguisín 2: Spreagaithisc agus Painéalaithe

- Spreagláithreoirí Folláine

An Dr Margaret Nohilly (Coláiste Mhuire Gan Smál (MIC))

An Dr Fionnuala Tynan (Coláiste Mhuire Gan Smál (MIC))

- Spreagláithreoirí Oideachas Etim

An tOllamh Hamsa Venkat (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)

An Dr Cliona Murphy (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)

**Painéalaithe**

An Dr Barry Morrissey (Príomhoide, Limerick Project School agus Cathaoirleach Líonra Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte)
An Dr Suzy Macken (Institiúid Oideachais Marino)

An tOllamh Coletty Murphy (Coláiste na Tríonóide)

An tUasal Seán Gallagher (Príomhoide, St. Oliver Plunkett NS)

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment